

Litir Chiorcláin 0031 / 2015

## **Chuig Príomhfheidhmeannaigh / Cathaoirligh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

### **Freastal comhaltaí agus fostaithe BOOanna ar chúrsaí, chomhdhála, sheimineáir etc. thar lear**

1. Faoi litir Chiorcláin F41/82 na Roinne, ní fhéadfadh comhaltaí ná fostaithe BOOanna caiteachas a thabú as cistí poiblí i ndáil le cuairteanna thar lear gan cead scríofa a fháil roimh ré ón Aire Oideachais agus Scileanna.
2. Ní gá a thuilleadh ceadú ón Aire a fháil. Ina ionad sin, beidh ar an bPríomhfheidhmeannach, mar dhuine cuntasach, cinneadh a dhéanamh an bhfuil an taisteal ríthábhachtach chun críocha an BOO agus gur féidir an costas ina iomláine (lena n-áirítear aon chostais neamhdhíreacha) a chlúdach ó bhuiséad cuí an chláir.
3. Cuirtear in iúl duit gur gá do BOOanna a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead i ndáil le taisteal, sa bhaile agus thar lear. Níor cheart tabhairt faoi ach taisteal riachtanach agus ní mór an líon oifigeach ar aon turas oifigiúil a choinneáil chomh beag agus is féidir.
4. Ba cheart go gcoinneodh BOOanna taifid chuí ar aon turas thar lear chun gach riachtanas inmheánach agus seachtrach a shásamh nó chun faisnéis a chur ar fáil do chomhlachtaí ábhartha eile de réir mar is cuí. Chuige seo, d'fhéadfadh an fhaisnéis seo a leanas a bheith ag teastáil:
  - (a) An líon daoine atá ag taisteal agus a gcatagóirí (e.g. comhalta, múinteoir, comhalta foirne riaracháin);
  - (b) Na dátaí taistil;
  - (c) Cuspóir na cuairte, lena n-áirítear sonraí na dtairbhí oideachais nó eile a fhabhraítear;
  - (d) Míniú ar an gcúis go bhfuil an chuairt riachtanach;
  - (e) Costas iomlán na cuairte, lena n-áirítear eitiltí, cóiríocht, cothabháil, táillí comhdhála agus costas clúdach ionaid, nuair is cuí;
  - (f) An clár lena bhfuil sé i gceist an costas a thabú (e.g. ginearálta agus iar-bhunscoile, Breisoideachas);
  - (g) Deimhniú gur féidir leis an BOO costas cuairte a shásamh ó thaobh istigh den bhuiséad cláir chuí.
5. Má tá ceisteanna agat maidir leis an litir chiorcláin seo, déan teagmháil le Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO (Teil: 090 6483767, 090 6483769. Ríomhphost: [financialetb@education.gov.ie](mailto:financialetb@education.gov.ie)).

Is féidir rochtain a fháil ar an litir chiorcláin seo ar leathanach gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna: [www.education.ie](http://www.education.ie).

---

**Matthew Ryan**  
**Príomhoifigeach**  
**Airgeadais agus Pearsanra Riarachán BOO**  
**Aibreán 2015**